Your Service
Your Say



# Ba mhaith linn cloisteáil uait

Is mór an chabhair é **aiseolas** uait - cabhraíonn sé linn feabhas a chur ar ár seirbhísí. Abair linn má tá **tuairim, moladh nó gearán** ar bith agat.

**Bileog Aiseolais**

## Ba mhaith linn cloisteáil uait

Ba mhaith linn seirbhísí sábháilte ardchaighdeáin a chur ar fáil duit ionas go bhfaighidh tú an cúram agus an chóireáil is fearr. Táimid ag obair chun seirbhís sláinte níos fearr a fhorbairt gach lá. Ba mhaith linn cloisteáil uait faoi d'eispéireas agus ár seirbhísí á n-úsáid agat. Is féidir linn foghlaim uaidh seo agus feabhas a chur orthu.

## Bíodh cead cainte agat

Is féidir leat tuairim nó moladh a thabhairt, nó gearán a dhéanamh.

### An bealach le hinsint dúinn faoi d'eispéireas

- Labhair leis an duine a bhfuil tú faoina c(h)úram nó le haon bhall den fhoireann.
- Seol ríomhphost chugainn: **yoursay@hse.ie**
- Líon amach an fhoirm atá i gceangal leis an mbileog seo.
    - Seol an fhoirm ar an ríomhphost nó sa phost chuig FSS Seirbhís Uainn Tuairim Uait trí na treoracha a thugtar leis an bhfoirm a leanúint.

      **nó**
    - Cuir sa bhosca aiseolais i d'ionad áitiúil seirbhísí sláinte í.
    - Tabhair do dhuine den fhoireann í.
    - Iarr seoladh agus cuir sa phost í. Dá mb'fhearr leat litir a chur chuig an seoladh sin, déan amhlaidh agus fáilte.
- Téigh chuig **www.hse.ie/yoursay** chun an Fhoirm Aiseolais Seirbhís Uainn Tuairim Uait a líonadh isteach ar líne.
- Glaoigh ar uimhir shaorghlao Seirbhís Uainn Tuairim Uait FSS **1800 424 555** ó 9rn go 5in, Luan go hAoine (seachas laethanta saoire bainc). Glaoigh ar +353 1 642 4555 má tá tú lasmuigh d'Éirinn.
- Glaoigh ar uimhir shaorghlao HSELive ar **1800 700 700** ó 8rn go 8in Luan go hAoine agus ó 9rn go 5in ar an Satharn (seachas laethanta saoire bainc) Glaoigh ar +353 1 240 8787má tá tú lasmuigh d'Éirinn.

### Mura bhfuil tú féin in ann é a insint dúinn

Mura bhfuil tú féin in ann d'aiseolas a thabhairt dúinn, is féidir leat a iarraidh ar dhuine a bhfuil muinín agat as/aisti m.sh. duine muinteartha, cúramóir nó urlabhraí é seo a dhéanamh thar do cheann nó in éineacht leat.

## Cad é an chéad rud eile?

**Tuairim nó moladh**
Má tá tuairim nó moladh agat, roinnfimid leis an tseirbhís nó leis an mball foirne ábhartha é.

**Gearán ó bhéal**
Má theastaíonn uait gearán ó bhéal a dhéanamh faoi dhroch-eispéireas, is féidir leat d'imní a chur in iúl don duine a bhfuil tú faoina c(h)úram nó le ball eile den fhoireann. Déanfaidh siad iarracht cabhrú leat go pras,agus más féidir, laistigh de 48 uair an chloig.

**Gearán foirmiúil**
Mura féidir leis an mball foirne sin do ghearán ó bhéal a réiteach laistigh de 48 uair an chloig nó má theastaíonn uait gearán foirmiúil i scríbhinn a dhéanamh, iarrfar ar Oifigeach Gearán FSS do ghearán a fhiosrú.

B'fhéidir go ndéanfaidh an tOifigeach Gearán FSS sin teagmháil leat laistigh de 2 lá oibre ón uair a gheobhaimid do ghearán foirmiúil i scríbhinn chun tuilleadh a chloisteáil uait nó chun é a réiteach.

Gheobhaidh tú admháil oifigiúil ar do ghearán ón Oifigeach Gearán FSS laistigh de 5 lá oibre.

Má tá gá le fiosrúchán, déanfaidh an tOifigeach Gearán FSS iarracht freagra a thabhairt ar do ghearán laistigh de 30 lá oibre.

Má tá breis ama ag teastáil uathu le haghaidh fiosruithe, cuirfidh an tOifigeach Gearán ar an eolas thú laistigh de 30 lá oibre. Déanfaidh an tOifigeach Gearán teagmháil leat gach 20 lá oibre ina dhiaidh sin chun an t-eolas is déanaí faoina bhfuil ag tarlú a chur chugat.

Your Service Your Say

Mura bhfuil tú sásta le toradh an fhiosraithe a rinne an tOifigeach Gearán ar do ghearán oifigiúil, is féidir leat a iarraidh ar FSS **athbhreithniú inmheánach** a dhéanamh.

Mura bhfuil tú sásta le toradh an athbhreithnithe inmheánaigh a rinne FSS, is féidir leat athbhreithniú seachtrach neamhspleách a iarraidh trí theagmháil a dhéanamh le:

- Oifig an Ombudsman (www.ombudsman.ie) **nó**
- an tOmbudsman do Leanaí má tá tú faoi 18 mbliana d'aois (www.oco.ie).

Is féidir tuilleadh a léamh faoin ár mbeartas aiseolais, Seirbhís Uainn Tuairim Uait, ar **www.hse.ie/yoursay**

## Déan Teagmháil Linn

**Labhair** leis an duine a bhfuil tú faoina c(h)úram nó le ball eile den fhoireann

**Seol ríomhphost chuig** yoursay@hse.ie

**Líon amach** an fhoirm aiseolais atá i gceangal leis an mbileog seo.

**Téigh chuig www.hse.ie/yoursay** chun an Fhoirm Aiseolais Seirbhís Uainn Tuairim Uait a líonadh isteach ar líne

**Seirbhís Uainn Tuairim Uait FSS**
Saorghlao: 1800 424 555
Luan go hAoine: 9rn - 5in
(seachas laethanta saoire bainc)
Glaoigh ar +353 1 240 8787
má tá tú lasmuigh d'Éirinn

**Saorghlao HSELive** ar 1800 700 700
Luan go hAoine: 8rn - 8in
An Satharn - 9rn - 5in
(seachas laethanta saoire bainc)
Glaoigh ar +353 1 240 8787
má tá tú lasmuigh d'Éirinn

**Seoladh Poist:** Seirbhís Uainn Tuairim Uainn FSS, Teach Darach, Ascaill na Teile, Páirc na Mílaoise, An Nás, Co. Chill Dara, W91 KDC2

**Tuairim:**
Conas is féidir linn feabhas a chur ar ár seirbhísí?

**Moladh:**
Cad iad na rudaí a thaitin leat?

**Gearán:**
An é nach bhfuil tú sásta? Abair amach é!

Scan le haghaidh tuilleadh teangacha

# Foirm Aiseolais **Seirbhís Uainn Tuairim Uait**

Your Service Your Say

Má theastaíonn uait aiseolas a thabhairt faoi aon ghné dár seirbhís, chomhlánaigh an fhoirm seo seol an fhoirm chugainn.

**Comhlánaigh d'fhoirm go leictreonach**

Más mian leat aon athruithe a dhéanfaidh tú ar d'fhoirm a shábháil, ní mór duit leagan le déanaí de Adobe Acrobat Reader a úsáid

**Íoslódáil Adobe Acrobat Reader saor in aisce - adobe.com**

**Foirm aiseolais a sheoladh ar an ríomhphost**

Molaimid duit an fhoirm PDF a chomhlánú ag baint úsáid as ríomhaire glúine nó gléas deisce.

Más mian leat fón cliste nó táibléad a úsáid, ní mór duit aip eagarthóireachta PDF a bheith suiteáilte ar do ghléas.

1. Íoslódáil an fhoirm ar do gléas.
2. Oscail an fhoirm le d'eagarthóir PDF.
3. Comhlánaigh agus sábháil an fhoirm. Má úsáideann tú gléas móibíleach, seiceáil go bhfuil na sonraí go léir san fhoirm sábháilte i gceart.
4. Seol an fhoirm ar an ríomhphost chuig **yoursay@hse.ie**

**An fhoirm a sheoladh sa phost**

1. Priontáil an fhoirm agus líon isteach í (scríobh go soiléir nó i mbloclitreacha, le do thoil).
2. Seol chuig: Seirbhís Uainn Tuairim Uait FSS, Teach Darach, Ascaill na Teile, Páirc na 'Seirbhís Uainn Tuairim Mílaoise, An Nás, Co. Chill Dara, W91 KDC2

Cuir tic leis an gcineál aiseolais is mian leat a thabhairt:

Tuairim ☐ Moladh ☐ Gearán ☐

**Ainm na seirbhíse:**

**Ainm an tsuímh:**
(mar shampla: ionad sláinte, oifig riaracháin, ospidéal nó clinic in ospidéal nó barda)

**Dáta(í) an eispéiris lena mbaineann an t-aiseolas seo:**

Foirm Aiseolais **Seirbhís Uainn Tuairim Uait**

Your Service Your Say

Scríobh d'aiseolas anseo:

Foirm Aiseolais **Seirbhís Uainn Tuairim Uait**

Your Service Your Say

| | |
|---|---|
| **D'ainm:** | |
| **Seoladh:** | |
| **Ríomhphost:** | |
| **Teileafón:** | |
| **Fón póca:** | |
| **Dáta:** | |

Más é gearán atá san aiseolas uait, d'fhéadfadh sé go mbeadh orainn breathnú ar d'fhaisnéis phearsanta, ach ní dhéanfaimid é sin mura bhfuil gá leis agus mura mbaineann na taifid sin le hábhar do ghearáin.

**An bhfuil tú sásta** go mbreathnófaí ar d'fhaisnéis phearsanta atá i seilbh FSS:

**Roghnaigh:** **Is mian** ◯ **Ní mian** ◯

## D'úsáid Fhoireann FSS amháin

| | |
|---|---|
| An dáta a fuarthas é: | |
| Tuairim / Moladh / Gearán (Uimhir): | |
| Suíomh: | |
| Oifigeach Gearán: | |